



IS BREÁ BHEITH AG
CAINT I nGAEILGE!

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Níos mó Gaeilge	2
“You can always learn it!”	2
An Cheolfhoireann	3
Scéal Grinn	3
Ar eagla ...	3
Mol an Óige	4
Tírghrá	4
Mná céile Charlie	4
Carr vs, gluasteán	5
Baile Bhuirne	5
“Jimmy’s Hall”	6
Teilifís vs. scannáin	6
Rasputin	7
Rudaí a thaitníonn liom	7
An Píobaire Alabhreac	8
Ag bruith uibhe	8
Teacht aniar	8
Rosie Hackett	9
D’fhéadfadh sé ...	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Le Tour de France	11
Na Craobhchomórtais	12
Na Cluichí Chomhlathais	12



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 1 EAGRÁN 7

IÚIL 2014

MASLA EILE DO PHOBAL NA GAEILGE

Taispeánann na ceapacháin nua a rinne an Taoiseach Enda Kenny don Rialtas an dímheas atá aige ar an nGaeilge. Cheap sé Heather Humphreys ina Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Joe McHugh ina Aire Stáit le freagracht speisialta do Chúrsaí Gaeltachta agus Acmhainní Nádúrtha. Níl aon fhianaise ann go bhfuil Gaeilge líofa ag ceachtar den bheirt acu ná suim dá laghad acu sa teanga. Tuairiscíodh go bhfuil an tAire nua le hiarracht a dhéanamh feabhas a chuir ar a cuid Gaeilge agus go bhfuil Joe McHugh ag dul ar chúrsa Gaeilge i dTír Chonaill gan mhoill. Chualamar gealltanais mar sin cheana. B’fhéidir go bhfuil straitéis réabhlóideach aimsithe trí thaisme ag Enda chun daoine a spreagadh chun an Ghaeilge a fhoghlaim—iad a cheapadh ina airí! An mbeidh ar Ghaeilgeoirí iompú ar an mBéarla sa Ghaeltacht agus ag ócáidí Gaelacha nuair a bheidh na hAirí nua i láthair? An tseachtain chéanna ina bhfuil an tAire Dlí os comhair Choimisiúin um Chearta an Duine de chuid na Náisiúin Aontaithe déanann an Rialtas neamhaird de chearta teanga mhuintir na Gaeltachta. An dtarlódh sé in aon tír eile?

Má tá fonn ar aon Aire, Aire Stáit nó Teachta Dála an Ghaeilge a fhoghlaim agus a chleachtadh ba cheart dóibh freastal ar cheann de na maidineacha caife atá ag fás ar fud na cathrach. Tá muintir Dhomhnach Bat (thíos) ag feitheamh leo! Cuirfidh siad fáilte fhial roimh gach duine.



CEACHT BEAG NA GAEILGE - HOW TO SAY 'IF'



There are two words in Irish for 'if' – 'má' and 'dá'

Úsáidtear **má** + aspiration / lenition (séimhiú) leis an Aimsir Láithreach (A.L.) agus úsáidtear **dá** + eclipse (an t-urú) leis an Modh Coinníollach (M.C.).

A.L.: má thagann sé in am..... (if he comes in time.....)
 má itheann tú é sin..... (if you eat that.....)
 má bhriseann siad an scáthán..... (if they break the mirror.....)

M.C.: dá dtiocfadh sé in am..... bheinn an-sásta
 (if he came / were to come in time..... I would be very glad)
 dá n-íosfá é sin.....bheifeá tinn
 (if you eat / were to eat that..... you would be sick)
 dá mbrisfidís an scáthán..... chiallódh sé sin.....
 (if they break / were to break the mirror.... that would mean.....)

LEID DUIT: tá na habairtí le **má** caol díreach (straightforward). Ach, le **dá**, ní mór dhá choinníoll a bheith ann (if..... + would.....).

NÍOS MÓ GAEILGE LE CLOISTEÁIL SNA CATHRACHA MÓRA *Ben Mac Lochlainn*

Agus é ag scríobh san fhorlíonadh SEACHTAIN den *Irish Independent* an 25 Meitheamh, deir Rónán Ó Domhnaill, Coimisinéir Teanga úr, go bhfuil an Ghaeilge 'níos láidre sna cathracha ná mar atá sí sna Gaeltachtaí'. É seo ag teacht ó fhear na Gaeltachta é féin - is mór an ráiteas é. Agus gan a bheith ag iarraidh caitheamh anuas ar mhuintir na Gaeltachtaí in aon chor, nach bhfuil sé ach ag rá rud a bhí dár gcuid féin againn faoi cheana féin? Cinnte, tá na Gaeltachtaí faoi bhrú ó neart foinsí– Béarlóirí ag cur fúthu ann, imircigh ag teacht abhaile agus clanna acu gan Ghaeilge, Béarla an idirlín ar fáil níos éasca, srl. Tuigimid go léir é sin ach, é sin ráite, tá an cuma ar an scéal nach bhfuil an Ghaeilge chomh láidir in áiteanna mar a bhí. An féidir aon rud a dhéanamh faoi? Gan amhras is féidir! (1) Caithfidh daoine a thuiscint go bhfuil teangacha eile sa domhan seachas an Béarla. (2) Caithfidh daoine a thuiscint gur féidir saol iomlán a bheith acu trí mheán na Gaeilge. (3) Caithfidh daoine a thuiscint gur cúis bhróid í an Ghaeilge a bheith againn. Agus, an rud is tábhachtaí i mo thuairimse b'fhéidir, (4) caithfidh daoine athmhachnamh a dhéanamh ar an tslí a chaitear leis an nGaeilge agus cinneadh pearsanta fúithi a dhéanamh. Is é sin, ní mór dóibh an cheist a chur orthu féin – “an bhfuil mé sásta an Ghaeilge – teanga a bhí ag mo shinsir – a fheiceáil ag dul i léig nó ar mhaith liom í a fheiceáil ag seasamh an fhóid.” Ní mór an béarlachas a sheachaint. Mar a dúirt an Dr. John Walsh ó OÉ Gaillimh ar ‘Cormac ar a Cúig’ (RnaG 5 pm) le déanaí “*the Irish spoken today would not pass for Irish twenty or thirty years ago.*” Ní mór fáilte a chur roimh dhaoine a théann sall chuig na Gaeltachtaí chun Gaeilge a labhairt. Bá chóir do mhuintir na Gaeltachtaí féin an Ghaeilge a labhairt go misniúil iad féin gach lá. Mar fhocal scoir – an Ghaeilge sna cathracha? Is ea, tá an athbheochan ag tosú.

“YOU CAN ALWAYS LEARN IT”

Ben Mac Lochlainn

Nuair a théim go dtí tír eile tá sé de nós agam roinnt focal agus beannachtaí na tíre a fhoghlaim. Déanaim é seo ach amháin le bheith dea-bhéasach agus mar chomhartha cúirtéise don tír. Nuair a bhím ag labhairt le duine tosaím i gcónaí le “*tá brón orm ach níl aon...agam*” agus ansin leanaim ar aghaidh i mBéarla “*Do you speak English?*” Dúirt mé é sin uair amháin le déanaí agus mé in Amstardam. Bhíos in oifig fáilte agus thosaigh mé mo *spiel* “*Tá brón orm, ach níl aon Ollainnis*

agam.” Dúirt an fear liom, agus miongháire ar a bhéal aige, “*that's ok - you can always learn it!*” Bhain an ráiteas sin geit asam agus ní rabhas cinnte an raibh an fear óg ag iarraidh bheith searbhasach nó a bheith glic. Ach ansin thug mé le fios go raibh an ceart aige. Ní raibh an stócach bocht ach ag rá go bhféadfainn an Ollainnis a fhoghlaim dá dteastóinn uaim a leithéid a dhéanamh. Abair go bhfuil comhrá breá ar siúl as Gaeilge ag beirt nó triúr nó ceathrar agus

an teanga ar a dtoil ag gach éinne acu. Ansin, tagann duine isteach sa chomhluadar nach bhfuil Gaeilge aige agus cad a tharlaíonn....? Casann an dream go léir ar an mBéarla. Nár chóir an duine nua a rá, “*Tá brón orm..*” agus nár chóir an freagra ar ais dó a bheith, “*That's ok - you can always.....*”.



AN CHEOLFHOIREANN

Seán Ó Tuama

Cad is brí le ionstraimiú (*to orchestrate*)? – ciallaíonn sé sin go bhfuil go leor eilimintí éagsúla á dtabhairt le chéile agus á n-eagrú sa tslí go mbíonn toradh maith fuaime ann. Is é seo díreach a dhéanann Stiúrthóir ceolfhoirne. Tá ceithre ghrúpa difriúil ionstraimí sa cheolfhoireann – téaduirilís (*strings*), cnaguirlís (*percussion*), uirlísí práis (*brass*) agus gaothuirlísí adhmaid (*woodwinds*). Bíonn a n-áit féin ar an stáitse nó ar an ardán os comhair an Stiúrthóra ag gach grúpa. Déanann na gaothuirlísí níos mó ná caoga faoin gcéad den obair go léir de na huirlísí ceoil. Tá an Stiúrthóir ina cheannaire ar an gceolfhoireann agus d'fhéadfar suas le céad ceoltóir bheith sa cheolfhoireann. Stiúran (*conducts*) an Stiúrthóir na ceoltóirí in armóin (*harmony*) le chéile ionas go mbeidh an cheolchoirm taitneamhach.

Téaduirilís, idir veidhlíní (*violins*) agus dordveidhlí (*cellos*) is ea caoga faoin gcéad de na huirlísí ceoil.

De ghnáth bíonn siadsan suite ar thaobh clé an Stiúrthóra. Bíonn na cnaguirlísí - drumáí agus na ciombail (*drums and cymbals*) - agus na gaothuirlísí adhmaid - clairnéidí agus fliúiteanna (*clarinets and flutes*) - ar chúl na ceolfhoirne agus na huirlísí práis - trumpaí agus trombóin (*trumpets and trombones*) ar an taobh deas.

Tá an Stiúrthóir freagrach as na cleachtaí, as stíl agus rithim an cheoil agus as na fuaimeanna a theastaíonn uaidh béim a leagan orthu.

Treoraíonn sé na ceoltóirí le baitín ina lámh aige.

Bheadh tuiscint mhaith ag ceoltóirí profisiúnta cad atá ag teastáil ón Stiúrthóir. Ar ndóigh, ní bheadh cabhair Stiúrthóra de dhíth i gcomhair

poirt iomráitigh m.sh. “*Válsa na Danóibe Goirme (The Blue Danube Waltz)*.” Bheadh an ceol seo sosheinnte as a gcuimhne cheana féin ag na ceoltóirí.



SCÉAL GRINN NA MÍOSA — “.....DO MHÁTHAIR”

Tagann an Garda go dtí an teach seo. Tá buachaill beag ina shuí ag an doras.

“*An bhfuil do mháthair istigh?*” fiafraíonn an Garda dó.

“*Tá,*” freagraíonn an gasúr.

Brúnn an Garda ar an gcloigín dorais. Fanann sé ar feadh nóiméid nó dhó ach ní thagann éinne amach.

“*Cheapas go ndúirt tú go raibh do mháthair sa teach?*” deir an Garda go borb,

“*Tá sí,*” deir an buachaill, “*ach ní hé seo mo theachsa!*”



FOCLÓIRÍN

cloigín dorais – *door bell* ; cheapas / cheap mé / shíl mé – *I thought*; ní hé seo – *this is not*

AR EAGLA NACH RAIBH A FHIOS AGAT

Dochtúir Spock



má dhóinn tú do mhéar
 má cheannaíonn tú ticéad
 má shlogann tú nimh
 má théann tú amach san fhásach
 má tá fón póca agat
 má chasann Dracula ort sa dorchadas
 má itheann an cat do dhinnéar
 má thiteann tú i ngrá
 má chloiseann tú cnag ar an doras san oíche
 má fhaigheann tú airgead ar an tsráid

- cuir faoin sconna é
 - cuir i do phóca é ar eagla go gcaillfear é
 - cuirtear fios ar dhochtúir láithreach
 - beir uisce leat
 - coimeád i do phóca é
 - rith ar nós na gaoithe
 - tabhair deoch bainne dó
 - bí an-chúramach!
 - déan neamhaird air
 - cuir i do phóca é



MOL AN ÓIGE

Scott De Builéir

'Mol an óige agus tiocfaidh sí' – seanfhocal nach bhfuil aon fhoighne agam leis, go háirithe agus mé ag dul in aois. Cén fáth? Is deacair é a mhíniú, ach cé go bhfuil an nath cainte an-deas, níl cúrsaí chomh simplí sin, go háirithe agus cúrsaí pobail i gceist.

Lig dom 'cúrsaí pobail' a mhíniú anseo; táim ag caint faoin aos óg a bheith páirteach sa phobal, idir páirt a ghlacadh in imeachtaí, freagracht a ghlacadh as a gceantar, nó iarrachtaí a dhéanamh le feabhas a chur ar an áit. Is annamh go leor daoine óga a fheiceáil ag imeachtaí Gaeilge, mar shampla. Go príomha, agus seachas duine óg nó beirt, is mó pinsinéirí a fheictear agus iad ag baint úsáide agus suilt as grúpaí Gaeilge. Is é an t-aon eisceacht ná na campaí samhraidh i mBaile Áth Cliath nó thiar sna Gaeltachtaí. Is eisceacht é sin, dar liom, mar baineann sin lena gcuid oideachais. Ní théann siad ar son an phobail áitiúil as a bhfuil siad. Go príomha, áfach, tá daoine fásta óga – 20-30 bliain d'aois – i gceist agam.

Mura bhfuil spéis ag an aos óg bheith páirteach sa phobal, níl an locht ar fad orthu. Is deacair an tréimhse seo, go háirithe agus an geilleagar eacnamaíocht chomh leochaileach sin is atá faoi láthair. Is éacht mór é post buan (go leor) a aimsiú, agus ní cúis iontais é scéalta a chloisteáil faoi dhaoine óga ag bogadh go Ceanada, go Sasana nó chun na hAstráile le hobair a fháil. Do na daoine a fhanann in Éirinn, tá rudaí eile níos tábhachtaí le déanamh ná freastal ar chruinnithe an chomhairle phobail, ná páirt a ghlacadh i bhféile áitiúil an bhruachbhaile.

Ach murach an t-aos óg bheith páirteach i gcur chun cinn na Gaeilge, tá baol láidir ann go bhfágfar an teanga in iarsmalann smútach éigin ar Chearnóg Mhuirfean. Is é an rud is íorónta áfach, ná go bhfuil go leor Gael-Mheiriceánach ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim lena linn sin. Ach mura mealltar an t-aos óg anseo chun a bheith níos gníomhaí i láidriú na Gaeilge, seans go gcaillfear pobal eile.

AN TÍRGHRÁ

Ben Mac Lochlainn

'Tírghrá' (**patriotism**) - cad is brí leis an bhfocal sin i ndáiríre? Tá sainmhíniú difriúil air de réir lena mbíonn tú ag caint. Má tá tú bródúil as do thír féin is cineál tírghrá é sin. Rugadh tú san áit agus bíonn tú ag maireachtáil san áit. Ach deir daoine áirithe gur nath cainte as dáta anois é toisc go bhfuil tíortha ag comhoibriú as lámh a chéile san oiread sin slite. Deirtear nár chóir bheith ag díriú isteach ar thír amháin fiú más í do thír féin í. Is é an chiall is ginearálta ar 'tírghrá' is dócha ná 'a bheith réidh an bás a fháil ar son do thír dúchais'. Tugtar '**loyally supporting one's country**' air san *Oxford English Dictionary* nó, i bhfocail eile b'fhéidir, d'fhéadfadh 'love of one's country' a thabhairt air.



Ach caithfimid a bheith cúramach nach mbainimid úsáid as an téarma sin mar leithscéal chun ár nó drochiompar a thabhairt ar dhuine nó ar thír eile. Ó thús staire chuir tíortha cogadh ar a chéile in ainm an 'tírghrá'. Arbh fhéidir 'tírghráthóirí' a thabhairt ar na Naitsithe sa Ghearmáin i rith an chogaidh nó ar na Moslamaigh a d'eitil na h-eitleáin sin i gcoinne na **Twin Towers** i Nua-Eabhrach? Ní dóigh liom é. Tá go leor tírghráthóirí ann atá ag obair go ciúin ar son a dtíre - is iad sin na mná agus na fir atá ag obair sna mhonarchana agus sna hospidéal agus sna scoileanna agus ar na feirmeacha chun tír mhaith a chruthú le caighdeán maireachtála níos fearr a bheith ann do chách. Agus cad faoi na polaiteoirí.....?

Tá an taobh eile den tírghrá ann freisin - an saghas tírghrá atá neamhchiontach agus gan dochar. Bhí Corn an Domhain ar siúl le déanaí leis na milliúin duine ag tacú lena dtír agus iad ag béicíl agus ag súil go bhfaighidh a dtír an lámh in uachtar ar an tír eile. Nach raibh díomá orainn nuair nár éirigh le hÉirinn áit a bhaint amach sa chomórtas an uair seo? Bhí cinnte, is gnáthrud é sin. Ach nuair a iompaíonn an díomá sin ina fhraoch - ní 'tírghrá' é sin.

MNÁ CÉILE CHARLIE CHAPLIN

Bhí ceathrar ban céile ag Charlie Chaplin - Mildred Harris, Lita Grey, Paulette Goddard agus Oona O'Neill. Tháinig Charlie sa tríú háit i gcomórtas leathchúpla (**look-alike competition**) Charlie Chaplin!





CARR vs. GLUAISTEÁN

Deasmhumhan Mac Gearailt

Is fíor mar a scríobh Ben Mac Lochlainn in Eagrán 5 den iris seo go bhfuil “gluaisteán” níos ciallmhaire ná “carr” toisc, mar a dúirt sé, go bhfuil baint idir “gluais” agus “gluaisteán” ach ní díreach cosúil leis an mbaint atá idir “milis” agus “milseán” cé go ndúirt sé go raibh. An difear atá ann ná: milis + án i gcomparáid le gluais + teán. Tuigim uaidh sin gurb é atá ann ná “gluais” ([move](#)), “gluaiste” ([having been moved](#)), “gluaisteán” ([thing that has been moved \[by its own power\]](#)). Is amhlaidh mar sin nach bhfuil an chiall chéanna ag an bhfocal “carr” i gcónaí. Ní féidir an focal gluaisteán a chur ar charr cliathánach .i. “side-car” nó “jaunting car” toisc go mbíonn capall á tharraingt in áit innill artola, ach an sean-fhocal “carr”, nach féidir é a chur ar aon *gléas* chun daoine a iompair ó áit go h-áit, a bhfuil a inneal artola féin aige chun é a bhogadh, nó sa chás nach bhfuil a inneal artola féin aige, go bhfuil ainmhí(the) á tharraingt, is cuma capa(i)ll, asa(i)l nó madra(i) iad?

Rud sa bhreis air sin uilig nach féidir carr a thabhairt ar *ghléas taistil* nach bhfuil rothaí faoi, .i. *carr sleamhnáin*, cuir i gcás? Ach i mBéarla nach gcaithfí “sledge” nó “sleigh” nó “toboggan” a thabhairt mar ainm ar a leithéid?

Ach nach focal Béarla é an focal “carr”? Ní hea, a chara. “Carros” ab ea an focal i sean-Cheiltis agus ba é sin an focal a bhí i nGoidelic na hÉireann agus i linguā Gallicā na sean-Fhraince. Agus an uair go raibh an linguā Gallicā ag fáil bháis nach ndeachaigh an focal isteach mar fhocal iasachta i Laidin na Fraince (Gallo-Latina), “carrus”, focal a mhair sa Fraincis i bPáras mar “charr-” i bhfocail cosúil le “charrier”, “charrette”, etc. Ach i gcanúint Normandie “carre” an focal a mhair agus is as sin an focal “car” an Bhéarla. Ach is as sean-Ghoidelic na hÉireann is ea a thagann an focal *carr* seo againne.

Bhí an ceart ag Ben gur ciallmhar an focal gluaisteán chun “motor-car” nó “automobile” .i. *ἄμαξα αὐτοκινετή* agus nach bhfacthas inniu ar an nuacht anocht go bhfuil *google-charr* nó *google-ghluaisteán* ag teacht amach anois nach mbeidh tiománaí ar bith ann ach an bhéim ar an gcéad shiolla de *αὐτοκινετή* .i. [auto with knobs on](#), b’fhéidir le madra i suíochán an tiománaí nó b’fhéidir duine le fón póca ina lámh aige agus gan faitíos ar bith go mbeidh na gardaí ag teacht air!

Gluaisteán = *motor-car, automobile*. *Carr* = *car whether powered by a motor or pulled by animal(s) whether wheeled or without wheels on ice or snow for transporting humans in a lesser number than would merit the word (omni)bus*. *Féan* = *wain or wagon for transporting goods mostly agricultural*. *Cárt* = *cart*.

CUAIRT AR BHAILE BHUIRNE

Breandán Ó Canainn

Dé hAoine, 13 Meitheamh 2014.

D’fhág mé timpeall leath uair tar éis a naoi agus fuair eas bus go Heuston. Chas mé le Michael, Paddy agus Betty taobh amuigh den siopa ag ól tae nó caife. Cheannaigh mé cappuccino agus shuigh mé in aice leo.

Fiche nóiméad níos déanaí shiúlamar ar aghaidh. Bhuail muid leis an dream eile. Bíonn Bernie i bhfeighil na dturas seo, is é sin a rá go mbíonn sí ag eagrú rudaí agus is maith an rud go mbíonn. D’inis sí dom go bhfuair eas an ticéad mícheart, ceann go Corcaigh, ach bhíomar ag taisteal go Cill Airne. Mar sin bhí orm dul ar ais agus an ticéad a athrú. Rinne Seán an dearmad sin chomh maith. Éasca a dhéanamh nuair atá duine ag dul ar an traein go Corcaigh. Ach bhí orainn athrú ag Mala. I ndeireadh na dála shroicheamar Cill Airne. Chuir duine fios ar Don - úinéir an óstáin leis an mionbus agus bhí gach rud réidh.



Dé Sathairn, 14 Meitheamh 2014

Bhí mise agus Seán ag roinnt seomra. An mhaidin dár gcionn chuamar suas an staighre don bhricfeasta. Shuíomar síos ag an mbord. Thug mé faoi deara go raibh rud mícheart. Bhí an bord ag dul ó thaobh go taobh cosúil le bád ag treabhadh na dtionnta. Thosnaigh mé ag canadh, “*We Are the Rock and Roll Kids*” ach dúirt Seán liom mo chlab a dhúnadh - “*Dún do chlab!*” ar seisean.

Dé Domhnaigh, 15 Meitheamh 2014

Thug Don síob dúinn ar ais chuig stáisiún Chill Airne. Athrú ag Mala arís. Ansin díreach abhaile chuig an phríomhchathair.



FEARG FAOI DHEARG - “JIMMY’S HALL”

Séamus ó Loinsigh

Éinne atá ar an eolas faoi Ken Loach an Stiúrthóir Scannáin Sasanach, beidh a fhios aige / aici cén taobh de speictream polaitiúil lena mbaineann a chuid saothair. Ó thosaigh sé ag obair don BBC i lár na seascaidí tá clú agus cáil bainte amach aige i dtaobh na daonnachta agus na crógachta lena léiríonn sé a scéalta faoi ghnáth dhaoine a bhíonn ag iarraidh maireachtáil faoi chois na cumhachta agus/nó faoi lámh na daoirse. Ábhar a bhíonn go rialta á phlé aige ná éagóir sóisialta ina gcuireann sé an *status quo* faoi chaibidil. Is de bharr na gceistiúchán sin is minic a bhíonn sé luaite mar chonspóidí (*controversialist*), go háirithe ag na léirmheastóirí coimeádacha.

Tá an scannán is déanaí uaidh, “*Jimmy’s Hall*,” tar éis oscailt. Is é seo an tríú scannán dá chuid a bhaineann le stair na hÉireann. Ba iad “*Hidden Agenda*” (1996) agus “*The Wind That Shakes The Barley*” (2006) na cinn eile. Tosaíonn an scéal le Jim Gralton ag filleadh ar a áit dúchais i Co. Liatroma. Cumannach is ea é atá tar éis deich mbliana a chaitheamh i Nua-Eabhrac. Theith sé ann ó Éirinn ag deireadh Chogadh na Saoirse. Nuair a bhuaigh De Valera agus Fianna Fáil an t-olltoghchán i 1932 bhí Gralton agus a leithéidí ar an eite chlé ag tnúth le hathrú meoin sa rialtas nua ó na rudaí a bhí ag tarlú le linn ré W.T. Mac Cosgair agus Chumann na nGael. Ach faraor, is luath a d’imir Dev an cárta Caitliceach i rith Chomhdháil Chorp Chríost.

D’oscail Gralton halla damhsa in áit iargúlta i Liatroim agus go luath bhí daoine óga ón gceantar máguaird ag bailiú ann le haghaidh damhsaí Gaelacha agus damhsaí iasachta freisin (le ceirníní snagcheoil ar ghramafón a thug Gralton abhaile ó na Stáit). Ach ní damhsaí amháin a bhíodh ar siúl aige. D’eagraigh sé ranganna oideachais freisin agus is minic a bhíodh an pholaitíocht á plé iontu siúd. Ní raibh an Stát ná an Eaglais ach oiread, toilteanach ligean do chumannach cosúil le Gralton aos óg soineanta na tíre a threorú ar fán le smaointe iasachta ná le haon rud eile nach raibh smacht acu féin air. Díríonn scéal an scannáin ar an gcoimhlint seo idir Gralton agus na húdaráis sa tráth sna tríochaidí ina raibh an ‘Scanradh Dearg (*Red Scare*)’ go mór in airde ar fud na cruinne.



SRAITH CLÁR TEILIFÍSE vs. SCANNÁIN

Seán Ó Conchúir

Tá argóint mhór ar siúl i Meiriceá le comparáid a dhéanamh idir sraitheanna teilifíse agus scannáin Hollywood. Le blianta anuas bhí caighdeán scannán i bhfad níos fearr ná caighdeán shraith sraitheanna teilifíse. Infheistítí a lán airgid sna scannáin agus bhíodh na haisteoirí sásta le sin agus mar thoradh shéanaidís an teilifís. Sna sean laethanta mhaireadh scannán ar feadh trí nó ceithre huairé agus bhí stiúrthóir an scannáin in ann an iomad carachtar a bheith aige sa scannán, mar shampla in “*Gone with the Wind*”. Cuimhnigí ar na scannáin bhuachaillí bó nó ‘*Westerns*’ a bhíodh á stiúradh ag John Ford. Rinne Michael Cimino iarracht é sin a dhéanamh arís le scannán darbh ainm “*Heaven’s Gate*” ach theip ar an scannán agus chaill na comhlachtaí maoiné neart airgid. Tar éis sin ní raibh comhlachtaí toilteanach scannáin mhóra fhada a mhaoiniú.



Chun scéal iomlán an scannáin a phlé bhí ar stiúrthóirí scannáin a dhéanamh i dtrí chuid, i.e. “*The Godfather*” - cuid a haon, a dó agus a trí. Ach ansin tharla rud iontach ar an teilifís. Bhí seans ag Stiúrthóirí sraith clár a dhéanamh bliain i ndiaidh bliana cosúil le “*The Sopranos*” agus “*Breaking Bad*”. Sa lá atá inniu ann tá na stiúrthóirí is cáiliúla a leithéid Stephen Spielberg sásta tabhairt faoin teilifís. Tá caighdeán iontach ard sroichte ag cláir mar “*True Detective*”. Bhuaigh Matthew McConaghy Oscar mar an aisteoir scannáin is fearr don bhliain 2014. Is eisean anois an príomhaisteoir sa chlár teilifíse “*True Detective*”. Tá an-éileamh ar na cláir seo fiú amháin nuair a thagann na DVDeanna (físdíoscaí digiteacha) amach tar éis an chlár a chraoladh ar an teilifís.

RASPUTIN

Airt Ó Néill



*“ra - ra - Rasputin lover of the Russian Queen
ra – ra – Rasputin Russia’s greatest love machine”*

Tugann liricí an amhráin sin de chuid Bony M (1978) mórleargas dúinn ar an bhfear. Ach tá níos mó ag baint leis ná mar a thugann na focail le fios. Rugadh i sráidbhaile beag (Pokovskoye) sa tSibéir é an 21 Eanáir 1869. Chuaigh sé isteach i Mainistir Ortadocsach Rúiseach ach d'fhág sé í i ndiaidh trí mhíosa agus phós sé bean óna shráidbhaile dúchais. Bhí beirt mhac agus iníon amháin aige ach ansin tháinig deireadh lena shaol 'normálta'. Thug sé triall ar Mhoscó. Bhí clú air faoin am seo mar mhisteach (**mystic**) agus fear leighis chreidimh. Bhí an Rúis rialaithe ag an am ag an ríshliocht Romanov - an Sár Nicolas agus an Bansár (**Tsarína**) Alexandra. Ba haemaifiliach (**haemophilic**) é Alexi, mac an Bhansáir, ach ní raibh na dochtúirí in ann aon rud a dhéanamh ar a shon. Arna cloisteáil di faoi chumhachtaí leighis an fhir seo Rasputin chuir sí fios air.

De réir an scéil, tar éis Alexi a bheith faoi chúram Rasputin ar feadh tamaill, tháinig biseach air. Bhí ríméad ar an mBansár agus neartaigh sé seo an tuairim a bhí aici go raibh tallann ar leith ag an bhfear seo Rasputin. Ghlac a céile, an Sár Nicholas, leis mar gar d’á bhean. Beagán ar bheagán sníodh Rasputin isteach sa teaghlach ríoga agus bhí sé le feiceáil go minic sa Chreimil (**the Kremlin**). Ach ní raibh gach éinne sásta leis an gcasadh seo. I dtuairimí na móruaisle ceapadh go raibh an Bansár róthugtha le Rasputin – go raibh sí ag teacht an iomarca faoina thionchar nó, chun bheith níos beachte (**more precise**), faoina dhraíocht. Ceapadh freisin go raibh caidreamh collaí i gceist idir Alexandra agus Rasputin, tuairim a bhí forleathan ag an am mar gheall ar mhealladh na mban i Rasputin. Dúradh ag an am go raibh cumhacht hiopnóiseach (**hypnotic**) aige ar mhná lena shúile. Thar am d'éirigh sé chomh mór sin le teaghlach Romanov gur glacadh leis mar chomhairleoir neamhoifigiúil an Bhansáir le comhaontú an tSáir. Ach b'fhorbairt í seo a d'imigh thar fóir le cuid den Uasaicme a dúirt go raibh sé ag taobhú leis an nGearmáin (namhaid na Rúise) sa Chéad Chogadh Domhanda.



An Chlann Romanov

Shocraigh na ‘huaisle cumhachtacha’ ar chomhcheilg chun é a mharú agus d'éirigh leo a chuid fíona a thruailliú le harsanaic - rud a d'ól sé ach, go dochreidte, níor bhásaigh sé. Gan lagú misnigh leis an teip chuir siad deireadh leis le piléir agus chaitheadar a chorp isteach san Abhainn Neva agus b'shin deireadh le Rasputin an Manach Míre (**Mad Monk**). Tharla sé sin sa bhliain 1916.

RUDAÍ A THAITNÍONN LIOM

Chris Bailey

Bíonn an-áthas agus an-lúcháir mothaithe againn nuair a bhronntar rudaí orainn: cárta Nollag, bronntanas deas lá breithe, moladh gan choinne, nó focal molta as obair mhaith a bheith déanta againn. Is deas an t-eolas go bhfuil cion ag daoine orainn agus gur chuid den chomhluadar sinn. Ach, agus mé ag dul in aois, tá sé tugtha le fios agam go bhfuil mothúchán níos doimhne ag baint le bheith 'ag tabhairt rud éigin' ná mar atá le bheith 'ag glacadh rud éigin'. Is áit iontach fós í Baile Átha Cliath – í lán le daoine a thugann an oiread sin díobh féin i slite áirithe. Féach mar shampla ar an méid oibre deonaí a dhéantar i bparóistí na cathrach. Tá spiorad daingean pobail fós ann i measc comharsana in go leor ceantar sa chathair.



Tá an saol lán de “those little unremembered acts of kindness and of love” mar a thugann an file Wordsworth orthu. I ndomhan searbhach tá sé deacair uaireanta a leithéid de chineáltais a thuisint. I mo thuairimse, tá níos mó só iontu siúd a 'tugann' i gcomparáid leo siúd a 'glacann'. Cothaíonn an 'tabhairt' só inmheánach agus leas. Déanann sé áit níos fearr den domhan agus déanann sé maitheas dúinn chomh maith. Mar sin, leanaig ar aghaidh leis an dea-obair.

AN PÍOBAIRE ALABHREAC - THE PIED PIPER

James Wright

Fear draíochta ab ea é de réir an bhéaloidis. Mar chuid den scéal bhí plá francach sa bhliain 1824 in Hamelin, baile beag sa Ghearmáin. Bhí cáil ar fhear ar ar tugadh 'An Píobaire Alabhreac' ('The Pied Piper') mar fhear draíochta agus dúirt Comhairle an Bhaile go dtabharfaidís suim mhór airgid dó dá bhfaigheadh sé réidh leis na francaigh. D'aontaigh sé agus leis sin thóg sé a phíb amach as a phóca agus thosaigh sé ag siúl tríd an mbaile ag seinm agus é i mbun siúlóide. Bhí draíocht leis an gceol agus nuair a chuala na francaigh é tháinig siad amach as a n-áiteanna folaigh agus lean siad an píobaire. Thug an píobaire thíos i dtreo Abhainn Wesel iad, agus ansin léim siad go léir isteach san uisce agus bádhd iad.



Ach ar a fhilleadh ar an mbaile don pháibaire, diúltaíodh an t-airgead dó. Mar sin, thóg sé a phíb as a phóca agus thosaigh sé ag seinm arís. Ach an uair seo níorbh iad francaigh a lean é ach páistí uile an bhaile. Ar a chloisteáil an cheoil bhinn dóibh d'fhág siad a dtithe agus shiúl siad taobh thiar den pháibaire. Thug sé suas go dtí Cnoc Koppenberg iad, áit ar chuaigh siad glan as radharc - gach aon duine acu ach amháin buachaill beag a bhí bacach agus nach raibh in ann coimeád suas leis an gcuid eile dóibh. D'imigh an Píobaire Alabhreac leis ansin agus gan tasc ná tuairisc le feiceáil riamh arís ar na páistí.

plá fhrancach - a plague of rats • dá bhfaigheadh sé réidh - if he got rid of • agus é i mbun siúlóide - while he was walking along • agus bádhd iad - and they were drowned • diúltaíodh an t-airgead dó - they refused to give him the money • ar a chloisteáil dóibh - when they heard • chuardar glan as radharc - they vanished

DEACRACHT AG BRUITH UIBHE?

Masterchef



An mbíonn fadhbanna agat ag bruith uibhe? Nuair a chuireann tú an ubh san uisce an mbíonn tú ag féachaint ar d'uaireadóir nó ar an gclog ag fanacht go dtí go mbeidh na trí nóiméad istigh? An mbíonn an ubh róbhog nó róchrúa? Bhuel, má bhíonn, tá réiteach na faidhbe anseo! Téigh amach agus faigh ceann de na rudaí seo - níl a fhios agam go beacht cad a thugtar air (orláiste uibhe - *eggtimer*?) ach cuirtear san uisce é leis an ubh agus nuair a thagann an dath 'bán' air ciallaíonn sé sin go bhfuil an ubh déanta. An éasca! (tá físeán den uirlis chistine seo le feiceáil ar an idirlíon -[youtube.com/watch?v=-yZr7VAeEvA](https://www.youtube.com/watch?v=-yZr7VAeEvA)).

TEACHT ANIAR AN NEACH DAONNA

Tomás de Freimhin

Cad a rinne Criostóir de Brún, Beethoven nó na Reathaithe lann gur tharraing a ngíomhartha suntas thar an ngnáth ón bpobal i gcoitinne? Is amhlaidh a rinne siad éachtaí agus iad cúngaithe ag máchail choirp.


Chaill an cumadóir iomráiteach Beethoven a chuid éisteachta in ard a réime. Ba uafásach é tubaiste mar sin a tharla dá leithéid. Múineann gá seift, adeirtear. In ainneoin a chuid frustachais níor chuir sé bac air ceol uasal a chumadh.

Más mian linn firinne an tseanfhocail, '*ní mar shiltear bítear*', a chruthú ní gá dúinn dul níos faide ná an dornálaí úd Harry Greb a mhair ag tús an fichiú aois. Ba churadh domhanda é a throid trí chéad babhta, gaisce a rinne sé agus é dall i leathshúil.



Cad é mar teacht aniar a léirigh Criostóir de Brún! Gan luth ná géag ach a chos chlé scríobh sé an leabhar clúiteach "*My Left Foot*". B'é an dála céanna ag Stephen Hawking a d'fhulaing laige i gcóras na néaróg luaile. Rinne an fisicé seo a chion féin le heolas a thabhairt don phobal.

N'fheadar an bhfuil teachtaireacht anseo do bhaill an phobail in umar na haimléise atá ag teacht chun réitigh lena bhfadhbanna mórgáiste. Dar le Helen Keller a bhí bodhar balbh ach a d'fhoghlaim scríobh agus léamh, cé go bhfuil an domhan lán d'fhulaingt, tá sé lán de bhuachan ar an bhfulaingt sin chomh maith. Is fianaise iad na héachtaí a luaitear de ghníomhaíocht spioraid an duine.



DROICHEAD NUA ROSIE HACKETT

Dick Armstrong

Ní cathair mhór í Baile Átha Cliath i gcomparáid le príomhchathracha eile ach is féidir leat a rá le firinne go leanann an Life *dhá mhíle go leith* tríd an chathair. Is fada an tsiúlóid í sin má thosaíonn tú ag Cé Wolf Tone ([Wolf Tone Quay](#)) suas i dtreo Stáisiún na Traenach Heuston agus má leanann tú ar aghaidh go dtí An Rinn ([The Point](#)) sna Dugthailte ([Docklands](#)). Tá ocht ndroichead déag ag dul thar abhainn na Life. Tugtar “[The Rosie Hackett Bridge](#)” ar an gceann is nuáí a osclaíodh go hoifigiúil ar an 20 Bealtaine seo thart. Is iontach an áis é má tá tú ag iarraidh dul ó Shráid Mhaoilbhríde ([Marlborough Street](#)) trasna na habhann go dtí Sráid Hawkins ([Hawkins Street](#)).

Go dtí seo bhí ort siúl trasna Dhroichead Uí Chonaill agus ar ais arís ar Ché an Bhúrcaigh nó ar thaobh eile na habhann bhí ort dul síos go dtí Droichead na Comhdhála/Bhutt ([Congress/Butt Bridge](#)) agus an abhainn a thrasnú ansin. Ach anois is féidir leat siúl díreach trasna na habhann ó Shráid Mhaoilbhríde go dtí Sráid Hawkins nó *vice versa*. Agus ní amháin seo ach tá sé indéanta le coisithe, busanna, trácht ginearálta agus an LUAS dul thar an droichead. Is céim eile é an Príomhchathair a fhorbairt ar chaoithiúlacht ([convenience](#)) na coisithe.

**CERBH Í ROSIE HACKETT?**

Dick Armstrong

Bean thiomanta ([committed](#)) ab ea í Rosie Hackett. Bhí saol iomlán corraitheach aici i dtréimhse stairiúil na tíre seo. Rugadh Rosie i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1892. Mar bhean óg bhí sí ag obair i monarcha brioscaí Jacob mar theachtaire ach tugadh bata agus bóthar di as a hiarrachtaí dálaí oibre ([working conditions](#)) ní ba fhearr a fháil do na hoibrithe ansin.

Bhain sí cáil amach di féin mar cheardchumannaí gníomhach nuair a bhí sí ag obair san [Irish Transport and General Workers Union - ITGWU](#) (nó [SIPTU](#) mar a thugtar air anois).



Bhí sí freisin ina ball de Arm Cathartha na hÉireann ([Irish Citizen Army](#)) agus i rith Éirí Amach na Cásca bhí sí i mbuíon saighdiúirí a ghlac seilbh ar Choláiste Ríoga na Máinlianna ([Royal College of Surgeons](#)) i bhFaiche Stiabhna. Bhí an Chuntaois Constance Markievicz i láthair sa choláiste chomh maith.

D'éag Rosie Hackett i 1976 agus tugadh onóracha iomlána míleata di. Cuireadh í i reilig Ghlas Naíon i mBaile Átha Cliath.

**D'FHÉADFADH SÉ TARLÚ D'ÉINNE**

Pádraig Mac Mathúna

Do chinn mo bhean chéile agus mise go rachaimis ar sos ar feadh cúpla lá faoin tuath agus chuireamar an t-óstán áirithe seo i nGuaire, Co. Loch Garman in áirithe. Roimh imeacht dúinn, dúramar lenár mac Eoin go bhfágfaimis uimhir ghutháin an óstáin sa teach. Mar sin, scríobh mo bhean chéile an uimhir ar fhógrán ([flyer](#)) ón siopa iasc is sceallóg áitiúil.

Nuair a bhíomar imithe bhí ocras ar Eoin agus chinn sé go gcuirfeadh sé scairt ar an siopa i gcomhair burgair is sceallóg. Thóg sé an glacadóir chuige agus chuir sé glaoch ar an uimhir a bhí scríofa ar an bhfógrán gan tabhairt faoi deara go raibh sé ag glaoch ar an óstán agus ní ar an siopa iasc agus sceallóg. D'fhreagair an t-óstán agus dúirt guth, “*An féidir liom cabhrú leat?*” Dúirt mo mhac gur mhaith leis burgar agus sceallóga a ordú. Labhair an bhean le bean eile in aice léi, ag rá go raibh fear ar an nguthán ag lorg burgair agus sceallóg. Dúirt an bhean eile, “*Fiafraigh de cén seomra ina bhfuil sé*”. Rinne sí amhlaidh agus dúirt mo mhac léi go raibh sé sa seomra tosaigh ([the front room](#)). Ar a chloisteáil sin don bhean dúirt sí, “*Is é seo an tÓstán.....*”. Rith sé le hEoin ansin go raibh an uimhir mhícheart aige agus chuir sé an glacadóir síos.



CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-7

TRASNA

síos



- 1 invitation (8)
- 7 eight (6)
- 9 secondary school (9)
- 10 remote (6)
- 13 octopus (8)
- 17 at (2)
- 18 utterance (2)
- 19 young (2)
- 20 cows (2)
- 21 keyboard (9)
- 23 litter (2)
- 24 hot (2)
- 25 hearty (7)
- 26 lamb (3)
- 27 from (2)
- 29 hood (7)
- 31 fat (5)
- 34 liver (2)
- 35 slaughter (2)
- 37 summer (8)
- 38 new (3)
- 39 pay (2)
- 40 river (7)
- 41 time (2)


- 1 comfortable (10)
- 2 bishop (6)
- 3 tears (5)
- 4 my (2)
- 5 tin (4)
- 6 hard (4)
- 8 crib (8)
- 11 exclamation (5)
- 12 sink (8)
- 14 where (2)
- 15 take (3)
- 16 separate (4)
- 21 June (9)
- 22 corridor (7)
- 26 floor (5)
- 28 bowl (6)
- 30 twist (3)
- 32 match (5)
- 33 yesterday (4)
- 36 stanza (4)



















CUARDACH FOCAL 7

ainmhithe fáine 1/wild animals 1

I	E	T	H	C	A	C	N	E	R	F	L	I	C	H
G	O	A	C	O	A	C	H	Á	R	R	Í	S	I	O
D	Á	R	S	I	O	N	N	A	S	A	D	Ú	N	A
C	O	B	R	Ó	N	Í	N	C	T	N	H	R	O	C
T	G	H	L	I	G	C	S	O	A	C	A	S	O	G
O	N	I	A	I	A	O	I	N	R	N	I	I	N	C
F	I	Á	O	C	I	R	E	A	C	A	N	Á	R	C
L	E	R	H	S	H	G	H	N	N	Í	N	O	A	N
G	R	Á	Í	C	Ú	B	Ó	N	N	C	T	N	I	I
A	I	N	Ú	N	O	F	C	L	T	I	N	C	Ú	S
M	B	O	T	D	S	A	Ó	G	L	O	Á	O	I	I
H	T	A	R	O	I	H	C	I	I	A	F	R	I	O
T	C	P	O	R	C	Ó	E	I	C	I	D	B	G	L
Á	I	Ú	C	U	I	F	S	N	H	F	Í	A	B	U
F	S	H	L	H	C	A	N	N	O	I	S	T	R	C



 coinín (rabbit)	 francach (rat)
 broc (badger)	 giorria (hare)
 caochán (mole)	 gráinneog (hedgehog)
 dallóg (shrew)	 iora (squirrel)
 dobharchú (otter)	 luch (mouse)
 easóg (stoat)	 oisín (fawn)
 eilit (doe)	 sionnach (fox)
 fia (deer)	 torc (boar)

CRAOBHCHOMÓRTAIS SHINSEAR NA hÉIREANN *Pádraig Mac Éil*

Tá Corn an Domhain críochnaithe. D'éirigh leis na Gearmánaigh an lámh in uachtar a fháil arís, an chéad uair d'fhoireann Eorpach an Comórtas a bhuachan i Meiriceá Theas. Bhí díomá ar na Brasaíligh tar éis cailliúna 7-1 i gcoinne na nGearmánach agus 3-0 i gcoinne na nOllannach. Beidh an comórtas ar siúl arís i 2018, sa Rúis, agus tá súil againn go léir go mbeidh foireann na hÉireann ag imirt ann an t-am sin.



Bhí an spórt Gaelach in Éirinn ag dul ar aghaidh le linn an tseó mhóir (**extravaganza**) sa Bhrasáil agus an imirt chomh proifisiúnta agus chomh díograiseach agus a chonaic muid ó Mheiriceá Theas.

Bhí an iománaíocht go sármhaith go nuige seo, go háirithe an dá chluiche 90 nóiméad idir An Clár (a bhuaigh Corn Liam Uí Chárthaigh i 2013) agus Loch Garman. D'éirigh leis na "Boilg Buí" sa deireadh. Ní raibh gá acu le ham breise i gcoinne Port Láirge (3-15 vs. 2-15) agus mar sin beidh siad ag imirt i gcoinne Luimnigh sa chluiche ceathrú ceannais. Baile Átha Cliath agus Tiobraid Árann a bheidh ag imirt sa chluiche ceathrú ceannais eile. Caithfidh na "Dubs" imirt i bhfad níos fearr ná a rinne siad i gcluiche ceannais Chraobh Laighean. Ag faire ar bhuaiteoirí na gcluichí seo beidh Corcaigh agus Cill Chainnigh. Tá na "Cait Dhubha" ar ais tar éis "drochbhliain" (dóibh ar aon nós!) anuraidh (sa dara háit) agus tá fonn ar na Corcaigh Corn Mhic Chárthaigh a thabhairt ar ais cois bhruach na Laoi.



Sa pheil tá níos mó cluichí le himirt fós. Tá Ciarraí ina churadh sa Mhumhain arís agus Maigh Eo i gConnachta ach caithfidh Áth Cliath an Mhí a chloí agus tá cuimhne ag gach duine ar stair na hiomaíochta (**rivalry**) idir na contaetha sin. In Ulaidh beidh Dún na nGall ag iarraidh díoltas a bhaint amach ar an Muineachán agus an Corn Angla-Ceilteach (**Anglo-Celt**) a bhaint uathu. Is é Baile Átha Cliath rogha na coitiantachta (**favourites**) chun Corn Mhic Uidhir a bhuachan i mí Mheán Fómhair ach tá foirne maithe eile ann agus an diongbháilteacht (**determination**) acu aisling na "Dubs" a scriosadh.



NA CLUICHÍ COMHLATHAIS



Beidh comórtas idirnáisiúnta eile spóirt ag tosú ar an 23 Iúil seo agus ag leanúint ar aghaidh go dtí 3 Lúnasa. Is iad sin na Cluichí Comhaltais (**Commonwealth Games**). Is iad tíortha iar-Impireacht na Breataine tíortha an Chomhlathais. Beidh an searmanas oscailte ann in **Celtic Park** (Páirc **Celtic Rangers**) i nGlaschú na hAlban. Beidh 71 tír ag glacadh páirt sna cluichí. Beidh 117 n-iomaitheoir i 14 spórt ó Thuaisceart na hÉireann. An cuimhin libh Mary Peters ó Thuaisceart

Éireann cúpla bliain ó shin? Ar na daoine atá seans acu bonn a bhuachan tá Paddy Barnes (dornálaíocht - **boxing**), David Calvert (lámhach - **shooting**), agus Zoe Brown (léim chuaille - **pole vault**).



OAKS NA hÉIREANN

Tá suim ag a lán Éireannach sna capaill agus i rásaíocht na gcapall. Beidh ceann de mhór-rásaí na bliana, Oaks na hÉireann, ar siúl sa Churrach ar an Domhnach, 20 Iúil. Is rás ar an ré (**flat-race**) é. Ba í **Taghrooda** rogha na coitiantachta don rás ach shochraigh a úinéir í a rith sa King George VI & Queen Elizabeth Stakes (**Ascot**, 26 Iúil) in ionad in Oaks na hÉireann. I measc na gcapall Éireannach tá **Tarfasha** ón traenálaí Dermot Weld agus tá scata cinn ag Aidan O'Brien, **Marvellous**, **Tapestry** agus **Bracelet** ina measc. Tagann ainm na rása ó ainm eastáit, **The Oaks**, atá suite ar an taobh ó thoir de Epsom i Surrey, Sasana.



MICHAEL SCHUMACHER

Sa dara heagrán (Feabhra) den iris seo chuireamar in iúl daoibh faoin timpiste sciála Mhichíl Schumacher, timpiste a d'fhág an tiománaí clúiteach Foirmle 1 in ospidéal gan aithne gan urlabhra. Is é an dea-scéal is déanaí faoi, ná go bhfuil sé ag bisú go mall. Tá sé as an támhneal ina raibh sé ó am na timpiste agus ag fáil cúraim in ospidéal i Lausanne san Eilvéis, áit a bhfuil cónaí air.